

Ag Ceiliúradh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2021

Rang a trí go rang a sé

Cúram and Domhain

Thug Dia dúinn an Domhan
Ní le cur faoinár smacht;
Ní bronntanas é i gceart,
Ach tugtha dúinn ar iasacht.
Chun é a choimeád go sábháilte,
Is na foraoisí i gcónaí glas;
An t-uisce soiléir le hól;
Is an t-aer úr, nach deas an blas.
É 'bheith sábháilte do na créatúir
A chónaíonn linne ann;

Ainmhithe na páirce
Is na héin i measc na gcrann.
É 'bheith sábháilte do na páisti
Ag súgradh i rith an lae
Ag snámh i rith an tsamhraidh
Is ag baint taitneamh as an ngaoth.
Thug Dia dúinn an Domhan
Ina mairimid go léir;
Ní linne é le coinneáil,
Ach le gach neach faoin spéir.

Léigh an dán agus tarraing pictiúr

Pictiúr



Ag Ceiliúradh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2021

An Luan- Creidimh

Foghlaimid conas grá Dé a léiriú don duine eile agus ár dtimpeallacht i bhfocail, i ngíomhartha agus inár gcuid smaointe. Mar daoine a bhfuil creideamh againn scríobh alt nó tarraing pictiúr ionas a bhfuil tú in ann aire a thabhairt don timpeallacht.

Tarraing Pictiúr/ nó scríobh alt

An Mháirt- Foghlaim

Ba é Riail Óir Íosa é, déileáil leis an duine eile agus an cruthú go léir de réir mar ba mhaith leat a dhéileáfaí leat féin.

Samhlaigh go bhfuil an Riail Órga á thabhairt duit anois. Tarraing pictiúr nó scríobh alt conas a leanann tú an riail seo



An Chéadaoin- Grá

Múineann Íosa dúinn conas a bheith grámhar.

Lúcás 10:27

'Gráfaidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó do neart go hiomlán agus ó d'aighe go hiomlán; agus do chomarsa mar thú féin'

Chum paidir nó tarraing pictiúr ag iarr ar Íosa cabhrú linn bheith grámhar.

Pictiúr/ nó scríobh paidir

An Déardaoin- Teach Aniar

Ciallaíonn teach aniar go gcuirimid chuige ag gníomhú go deimhneach in aghaidh na ndeachrachaí agus na mbac a chuirtear romhainn.

Críochnaigh na habairtí sa mhachnamh seo

Deis atá sa saol, bain tairbhe é

Tá an saol go hálainn, bain taitneamh é

Aisling atá sa saol, fóraigh í.

Dúshlán atá sa saol, _____

Gealltanas atá sa saol, _____

Amhrán atá sa saol, _____

Is luachmhar é an sail, _____

An Aoine- Dóchas

Creidimid go dóchasach sa tslí mhaireachtála a léirigh Íosa dúinn agus ba mhaith linn go mbeadh gach aon duine faoi choimirce ghrámhar Dé amach anseo.

1 Corantaigh 12:4-7

Tá tíolachtaí difriúla ann ach an t-aon Spiorad amháin; tá feidhmeannais difriúla ann ach an t-aon Tiarna amháin; agus tá oibreacha difriúla ann ach is é an Dia céanna a bhíonn á n-oibriú go léir in gach riamh ann. An léiriú a dhéantar ar an Spiorad in gach duine ar leith, is chun tairbhe an phobail mhóir é.

Tarraing coinneal a thaispeánann do chuid buanna agus an coinneal ag taitneamh ag tabhairt dóchais.

Pictiúr

